Ábhar:

FOSTAÍOCHT MÚINTEOIRÍ IONAID - CLÁR MÚINTEOIRÍ IONAID THUAISCEART ÉIREANN (CMITÉ)

Uimhir an Chiorcláin: 2010/17

Dáta Eisiúna: 2 Iúil 2010

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí na Scoileanna Deontaschúnta uile
- Ceardchumainn na Múinteoirí
- Boird Oideachais agus Leabharlann
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- Cumann Chomhlachtaí Rialaithe na Scoileanna Gramadaí
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite
- Comhairle na Gaelscolaíochta.
- An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc (TÉ)
- Clár Múinteoirí Ionaid Thuaisceart Éireann
- Gníomhaireachtaí Fostaíochta Múinteoirí

Achoimre ar Ábhar:

Tugann an Ciorclán seo le fios gur chóir gach múinteoir ionaid cháilithe a fhostaíonn scoileanna a chur in áirithe ar líne trí Chlár Múinteoirí Ionaid Thuaisceart Éireann.

Fiosrúcháin:

Ba chóir gach fiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a chur chuig:-

Eve Funston
Hilary Henderson (Fiosrúcháin VG)
An Fhoireann um Phá agus Phinsin na Múinteoirí
An Roinn Oideachais
Teach Thaobh an Uisce
75 Sráid an Diúic
DOIRE
BT47 6FP

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle do Scoileanna agus d'Fhostóirí

Doiciméid Ghaolmhara:
Ciorclán 2008/10
Ciorclán 2008/03
Ciorclán 2007/04
Ciorclán 2006/07

Dáta Éaga:
Níl Bainteach

Láithreán Gréasáin RO:
http://www.deni.gov.uk

Fón: 028 7131 9000
Facs: 028 7131 9190
Ríomhphost: @deni.gov.uk

Cóipeanna Breise:
Fón: 028 7131 9000

1. Is é an aidhm atá ag an Chiorclán seo comhairle a chur ar scoileanna agus ar údaráis fostaíochta go gcaithfear Clár Múinteoirí Ionaid Thuaisceart Éireann (CMITÉ) a úsáid le **gach** múinteoir ionaid cháilithe a chur in áirithe.

2. Tugann CMITÉ cosaint bhreise do dhaltaí, do scoileanna agus d'fhostóirí trína chinntiú go ndéantar seiceáil chuí ar gach múinteoir ionaid le fáil amach an bhfuil siad oiriúnach d'obair le páistí agus go bhfuil siad cáilithe go cuí le hoibriú i scoileanna. Lena chois sin, mar pháirt den phróiseas iarratais le clárú le CMITÉ, déantar seiceálacha lena chinntiú go bhfuil múinteoirí 'incháilithe le haghaidh teagaisc', go sásaíonn siad riachtanais chuí sláinte agus go bhfuil siad cláraithe leis an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann.

3. Ní mór do mhúinteoirí atá ar conradh pro-rata, a bhfuil sé mar aidhm acu uaireanta/laethanta sealadacha a dhéanamh taobh amuigh dá gconradh pro-rata reatha i scoil eile, bheith cláraithe agus curtha in áirithe trí CMITÉ.

4. Ní mór Foirm TR23 – "Fógra Ceapacháin Mhúinteora" a chomhlánú go hiomlán go fóill; ní mór di bheith comhshínithe ag an údarás cuí fostaíochta agus seolta ar aghaidh chuig an Fhoireann um Phá agus Phinsin na Múinteoirí.

5. Ba chóir do scoileanna comhairle a chur ar na múinteoirí ionaid a fhostaíonn siad, go gcaithfidh siad clárú le CMITÉ láithreach, mura bhfuil sin déanta acu cheana. Is féidir le múinteoirí iarratas a chur isteach ar líne ar www.nistr.org.uk, nó is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis na riarthóirí ar 028 9056 4000 folíne 4427.

7. Ní mór do mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí, atá á gcoinneáil ar CMITÉ, beacht agus go gcoinnítear a bpróifíl phearsanta cothrom le dáta. Cinnteoidh sé sin go n-oibríonn córas CMITÉ go héifeachtach do na páirtithe leasmhara ar fad.

8. Déanann Rialachán 8 de Rialacháin Cháilitheachta Mhúinteoirí (TÉ) 1997 an fhoráil do scoileanna i gcás nach bhfuil aon mhúinteoir incháilithe ar fáil, duine nach bhfuil incháilithe a fhostú, le cead an údaráis fostaíochta, le tréimhse **nach faide ná 4 seachtaine de ghnáth.** Leanfaidh an Roinn de thuairisceáin le

haghaidh íocaíochta TR140/141H a phróiseáil de láimh ina leithéid de chásanna fad is go gcuirfear comhairle ar fhostóirí nuair a bheidh an riail maidir le 4 seachtaine sáraithe.